Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 25 Samhain 2015**
**(OR. en)**

**14414/15**

**RECH 282**
**COMPET 531**
**SOC 684**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1) |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13902/15 RECH 271 COMPET 503 SOC 650 |
| Ábhar: | Dréacht-Chonclúidí óngComhairle maidir leis an gcomhionannas inscne a chur chun cinn sa Limistéar Eorpach Taighde<br>- *Glacadh* |

1. Measann Uachtaránacht Lucsamburg go bhfuil an comhionannas inscne ar cheann de na tosaíochtaí is mó atá aici i réimse an taighde agus na nuálaíochta (T&N). Sa chomhthéacs sin, tá an Uachtaránacht tar éis dréacht-Chonclúidí ón gComhairle a mholadh ar an ábhar seo, rud a pléadh ag an Meitheal um Thaighde an 12 agus an 26 Deireadh Fómhair agus an 5 Samhain 2015.

2. Scrúdaigh Coiste na mBuanionadaithe na dréacht-Chonclúidí sin ag an gcruinniú a bhí aige an 20 Samhain 2015, réitigh sé na saincheisteanna a bhí fós ann agus chomhaontaigh sé na dréacht-Chonclúidí a chur ar aghaidh chuig an gComhairle (Iomaíochas) an 30 Samhain - 1 Nollaig 2015 le go nglacfar iad. Tá forchoimeádas grinnscrúdaithe ginearálta ag PL maidir leis an téacs, tar éis na dtoghchán náisiúnta is déanaí.

3. Iarrtar, dá bhrí sin, ar an gComhairle (Iomaíochas), ag an seisiún a bhí aici an 30 Samhain - 1 Nollaig 2015, na conclúidí a ghlacadh mar a leagtar amach iad sa téacs atá i gceangal leis seo.

* * *

Cuirtear na hathruithe a rinneadh ar an téacs a bhí ann roimhe seo (13902/15) in iúl **i gcló trom agus líne fúthu** i gcás téacs nua a chuirtear isteach.

# DRÉACHT-CHONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN gCOMHIONANNAS INSCNE[1] A CHUR CHUN CINN SA LIMISTÉAR EORPACH TAIGHDE[2]

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS

AG MEABHRÚ DI NA NITHE SEO A LEANAS

– Na Conclúidí uaithi an 18 Aibreán 2005 maidir le hacmhainní daonna san eolaíocht agus sa teicneolaíocht a threisiú sa Limistéar Eorpach Taighde[3] (LET), inar iarradh ar na Ballstáit spriocanna a leagan amach le haghaidh rannpháirtíocht na mban go háirithe trí líon na mban i bpoist cheannasacha a mhéadú go suntasach, agus é mar aidhm an sprioc de 25% san earnáil phoiblí a bhaint amach ar dtús, mar aon le méadú a dhéanamh ar a rannpháirtíocht sa taighde tionscail agus sa teicneolaíocht;

– Na Conclúidí uaithi an 30 Bealtaine 2008 maidir le Gairmeacha Eolaíochta atá Fabhrach do Theaghlaigh - i dtreo Samhail Comhtháite[4], inar iarradh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit múnla comhtháite a fhorbairt do ghairmeacha eolaíochta a bheidh bunaithe ar mheascán iomchuí beartais lena n-áiritheofar do thaighdeoirí timpeallacht a bheidh fabhrach do theaghlaigh;

– Na Conclúidí uaithi an 26 Bealtaine 2010 maidir le saincheisteanna éagsúla i ndáil le forbairt LET[5] inar aithníodh go bhfuil gá le straitéis fhadtéarmach agus maoiniú leordhóthanach chun athrú institiúideach a dhéanamh, inar cuireadh i bhfáth gur gá comhtháthú ghné na hinscne a threisiú sa taighde Eorpach;

---

1 Chun críocha an doiciméid seo, cuimsítear le "comhionannas inscne" cothromaíocht inscne i bhfoirne taighde ar gach leibhéal, cothromaíocht inscne sa chinnteoireacht, agus comhtháthú ghné na hinscne in ábhar an taighde agus na nuálaíochta (T&N).

2 PL: Forchoimeádas grinnscrúdaithe ginearálta.

3 8194/05.

4 10212/08.

5 10246/10.

– Na Conclúidí uaithi an 11 Nollaig 2012[6], ina leagtar síos an comhionannais inscne agus an príomhshruthú inscne mar cheann de na príomhthosaíochtaí don Limistéar Eorpach Taighde, agus ina gcuirtear san áireamh gur gá feabhas a chur ar ghné inscne a chomhtháthú i ndearadh, i meastóireacht agus i gcur chun feidhme riachtanas taighde chun sármhaitheas a chothú sa taighde agus sa nuálaíocht (T&N);

– Na Conclúidí uaithi an 21 Feabhra 2014 maidir leis an tuarascáil ar dhul chun cinn i ndáil leis an Limistéar Eorpach Taighde (LET) a thíolaic an Coimisiún in 2013[7], inar measadh gur cheart aird a thabhairt ar dhlús a chur leis na hiarrachtaí chun an comhionannas inscne agus gné na hinscne i mbeartais taighde agus nuálaíochta a phríomhshruthú go córasach agus treochlár an Limistéir Eorpaigh Taighde á fhorbairt ar an leibhéal Eorpach;

– Na Conclúidí uaithi an 5 Nollaig 2014 maidir le Tuarascáil 2014 ar Dhul Chun Cinn i ndáil leis an Limistéar Eorpach Taighde[8], ina dtugtar faoi deara gurb ann fós do laofacht inscne i ngairmeacha, don éagothroime inscne i róil a bhaineann le cinnteoireacht, agus nach ann do ghné inscne i bhformhór na gclár náisiúnta taighde, agus ina n-iarrtar ar na Ballstáit tacú le príomhshruthú inscne agus le comhdheiseanna;

– Na Conclúidí uaithi an 29 Bealtaine 2015 maidir le Treochlár 2015-2020 don Limistéar Eorpach Taighde inar thacaigh sí le leas a bheith á bhaint as reachtaíocht náisiúnta an chomhionannais chun gníomhaíocht éifeachtach a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar mhíchothromaíochtaí inscne in institiúidí taighde agus i gcomhlachtaí cinnteoireachta, agus leis an ngné inscne a chomhtháthú níos fearr i mbeartais, i gcláir agus i dtionscadail T&N mar cheann de na príomhthosaíochtaí gníomhaíochta a sainaithníodh i dTreochlár LET agus d'iarr sí ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún tús a chur lena chur chun feidhme trí ghníomhaíochtaí iomchuí ina gcuid pleananna gníomhaíochta nó straitéisí gníomhaíochta faoi lár na bliana 2016;

– An rún ó Pharlaimint na hEorpa an 9 Meán Fómhair 2015 maidir le gairmeacha na mban san eolaíocht agus sna hollscoileanna, agus na síleálacha gloine a tháinig chun cinn[9];

6 17649/12.
7 6945/14.
8 16599/14.
9 2014/2251 (INI).

– An teachtaireacht ón gCoimisiún an 21 Meán Fómhair 2010 dar teideal "Straitéis 2010-2015 le haghaidh comhionannas idir mná agus fir"[10];

– Na Conclúidí uaithi an 26 Deireadh Fómhair 2015 maidir le Plean Gníomhaíochta maidir le hInscne 2016-2020[11];

1. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gurb ann don éagothroime inscne ar feadh tréimhse ró-fhada agus go bhfuil rathúnas na hEorpa amach anseo ag brath ar an nuálaíocht teicneolaíochta agus eolaíochta. Beidh an Eoraip in ann leas iomlán a bhaint as líon a lucht saothair agus as a cuid buanna saothair trí lucht saothair atá níos ilghnéithí agus trí cothroime iomaíochta níos fearr d'fhir agus do mhná sa Taighde agus sa Nuálaíocht, a chur ar fáil;

2. AITHNÍONN SÍ go mbeidh an comhionannas inscne san eolaíocht ina chuidiú chun cur leis an éagsúlacht, leis an sármhaitheas agus leis an gcáilíocht i dtorthaí a bhainfear amach agus gur fearr a thabharfar, tríd an taighde, dúshláin shóisialta agus shochaíocha, ar dúshláin iad a bhfuil idir fhir agus mhná freagrach astu. Ní amháin gur ceist chothroime é leas a bhaint as na buanna uile agus comhdheiseanna a chruthú d'fhir agus do mhná, ach tá éifeachtúlacht eacnamaíochta i gceist leis an méid sin freisin. Má chuirtear an comhionannas inscne chun cinn, cuirfear le hiomaíochas an Aontais agus cuirfear leis an bhfás agus le cruthú post;

TREOCHLÁR LET A CHUR CHUN FEIDHME

3. ATHDHEIMHNÍONN SÍ go bhfuil sí meáite ar an gcomhionannas inscne a fheabhsú sa Limistéar Eorpach Taighde. AITHNÍONN SÍ go bhfuil deis iontach ann, má chuirtear Treochlár LET chun feidhme agus an comhionannas inscne a bheith mar thosaíocht, leas a bhaint as reachtaíocht náisiúnta an chomhionannais chun gníomhaíocht éifeachtach a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar mhíchothromaíochtaí inscne in institiúidí taighde agus i gcomhlachtaí cinnteoireachta agus gné na hinscne a chomhtháthú níos fearr i mbeartais, i gcláir agus i dtionscadail don taighde agus don nuálaíocht. SPREAGANN SÍ na Ballstáit agus an Coimisiún spriocanna uaillmhianacha a shocrú maidir le comhionannas inscne agus gníomhaíochtaí iomchuí, nithiúla a dhéanamh ina gcuid straitéisí gníomhaíochta nó pleananna gníomhaíochta, agus Treochlár LET a chur chun feidhme faoi lár na bliana 2016;

10 COM(2010)0491.
11 13201/15.

ATHRUITHE INSTITIÚIDEACHA AGUS CULTÚRTHA INBHUANAITHE

4. AITHNÍONN SÍ gur gá athruithe inbhuanaithe cultúrtha agus institiúideacha a chothú i straitéisí náisiúnta gníomhaíochta nó i bpleananna náisiúnta gníomhaíochta LET ar mhaithe le Treochlár LET a chur chun feidhme chun an comhionannas inscne a bhaint amach agus gné na hinscne a áireamh in ábhar agus i gcláir T&N**;** agus SPREAGANN SÍ na Ballstáit an t-athrú institiúideach a chur mar ghné lárnach ina gcreat beartas náisiúnta maidir leis an gcomhionannas inscne i T&N; LEAGANN SÍ BÉIM ar an ról a d'fhéadfadh a bheith, ar an leibhéal institiúideach, ag an múscailt feasachta, ag an oideachas, ag an oiliúint agus ag malartú dea-chleachtais maidir le comhionannas inscne a chur chun cinn i T&N;

5. IARRANN SÍ ar na Ballstáit agus ar eagraíochtaí maoinithe taighde dreasachtaí a chur ar fáil chun eagraíochtaí a dhéanann taighde, lena n-áirítear ollscoileanna, a spreagadh chun straitéisí príomhshruthaithe inscne agus pleananna comhionannais inscne a athbhreithniú nó a fhorbairt lena n-áirítear aird a thabhairt ar ghné na hinscne in ábhar agus i gcláir T&N agus leas a bhaint as acmhainní leordhóthanacha chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad;

6. TUGANN SÍ DÁ hAIRE nach mná iad ach tuairim is 20% de na hollúna tionachta san Eoraip agus nach bhfuil ach dul chun cinn an-mhall á dhéanamh sna hathruithe go dtí leibhéal níos cothroime[12] agus, dá bharr sin, IARRANN SÍ ar na Ballstáit agus ar na hinstitiúidí spriocanna treoracha a bhaint amach chun go mbeidh cothromaíocht inscne níos cothroime ann maidir le hollúna;

7. MEASANN SÍ gur cheart a bheith trédhearcach maidir le hearcaíocht agus maidir le dul chun cinn gairme ar gach leibhéal, agus i nósanna imeachta i ndáil le comhaltacht nó scoláireacht a dhámhachtain i T&N; IARRANN SÍ ar na Ballstáit agus ar eagraíochtaí maoinithe taighde dul chun cinn a dhéanamh maidir le bearta lena áirithiú nach mbeidh tionchar ag an laofacht inscne ar an maoiniú a leithdháilfear don taighde;

8. IARRANN SÍ AR eagraíochtaí taighde, lena n-áirítear ollscoileanna, tacú le dálaí agus le socruithe oibre do na fir agus do na mná araon i T&N, ar dálaí agus ar socruithe iad atá solúbtha agus fabhrach do theaghlaigh, agus tacú le comhroinnt chothrom na bhfreagrachtaí cúraim, agus athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht taighdeoirí chun deireadh a chur leis an laofacht inscne;

[12] Figiúirí 2012 maidir le Mná. Inscne sa Taighde agus sa Nuálaíocht.

9. SPREAGANN SÍ na Ballstáit uirlisí iomchuí a chur chun cinn, i gcomhar leis an gCoimisiún, chun feasacht a mhúscailt agus chun acmhainní a fhothú maidir le hinscne d'fhonn athrú institiúideach a bhaint amach, agus an obair atá á déanamh ag an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne á cur san áireamh;

10. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún feabhas a chur i gcónaí ar chur chun feidhme, ar fhaireachán, agus ar mheastóireacht na gcuspóirí comhionannais inscne i bhFís 2020 a bhaineann le hionadaíocht inscne i bhfoirne taighde, le cinnteoireacht agus leis an ngné inscne in ábhar taighde, ag gach céim den timthriall taighde; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún féachaint an bhféadfaí sonraí níos cuimsithí, níos trédhearcaí agus níos imdhealaithe de réir inscne a chur ar fáil agus táscairí inscne maidir le rannpháirtíocht na meastóirí agus na dtaighdeoirí chomh maith le gné na hinscne a chomhtháthú mar ábhar taighde i dtionscadail agus i gcláir arna maoiniú faoin gclár Fís 2020;

11. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit machnamh a dhéanamh ar an gcomhionannas inscne agus ar an bpríomhshruthú inscne a áireamh mar chuid rialta den oiliúint agus de na himeachtaí a chuireann Pointí Teagmhála Náisiúnta (PTN) ar bun agus iad a áireamh freisin in ábhair don chumarsáid agus don scaipeadh a bhaineann le Fís 2020;

12. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit machnamh a dhéanamh, i measc nithe eile, ar ghné na hinscne a chur san áireamh san idirphlé le tríú tíortha i réimse na heolaíochta, na teicneolaíochta agus na nuálaíochta (STI). IARRANN SÍ ar an bhFóram Straitéiseach um Chomhar Idirnáisiúnta san Eolaíocht agus sa Teicneolaíocht (FSCI) agus ar Ghrúpa Heilsincí breathnú ar threoirlínte comhpháirteacha a fhorbairt maidir le gné inscne don chomhar idirnáisiúnta i STI;

COTHROMAÍOCHT INSCNE I bPOIST CINNTEOIREACHTA

13. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil mná fós faoi ghannionadaíocht in ardphoist acadúla cinnteoireachta, mar chomhaltaí de bhoird riaracháin agus eolaíochta agus mar chinn institiúidí ardoideachais[13];

[13] Réamhshonraí don fhoilseachán 'Figiúirí 2015 maidir le Mná', ar foilseachán é atá ar na bacáin.

14. CUIREANN SÍ IN IÚL GO LÁIDIR gur gá dícheall a dhéanamh chun go mbeidh cothromaíocht inscne ann i bpoist ceannaireachta agus cinnteoireachta trí bhearta iomchuí. IARRANN SÍ ar na húdaráis ábhartha treoirspriocanna a shocrú, **mar shampla cuspóirí cainníochtúla** do chothromaíocht inscne níos fearr i gcomhlachtaí cinnteoireachta, lena n-áirítear príomhbhoird eolaíochta agus riaracháin, príomhchoistí earcaíochta agus ardaithe céime mar aon le painéil meastóireachta agus SPREAGANN SÍ eagraíochtaí a mhaoiníonn taighde agus a dhéanann taighde chun na spriocanna sin a bhaint amach faoin mbliain 2020;

15. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún, i ndlúthchomhar le Grúpa Heilsincí, tacaíocht a thabhairt do na Ballstáit chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin beartais maidir le cothromaíocht inscne, lena n-áirítear treoir a fhorbairt, i gcás inarb iomchuí, le gur fusa a bheidh sé treoirspriocanna a chur chun feidhme;

EOLAS AGUS FAIREACHÁN MAIDIR LE hINSCNE

16. IARRANN SÍ ar na Ballstáit, i gcomhar leis an gCoimisiún, leas iomlán a bhaint as cleachtaí foghlama frithpháirtí, lena n-áirítear faoi chuimsiú CLET, agus as malartú dea-chleachtas i réimse an chomhionannais inscne i T&N; agus aird á tabhairt ar na moltaí ó [Grúpa Heilsincí], agus ar na torthaí ar thionscadail maidir leis an ábhar seo a mhaoinítear le cláir réime an Aontais, amhail GENDER-NET ERA-Net;

17. IARRANN SÍ ar na Ballstáit a áirithiú go mbaileofar sonraí atá imdhealaithe de réir inscne d'Fhigiúirí maidir le Mná, agus i gcás inar féidir, táscairí inscne a ullmhú i réimse R&I agus scaipeadh don phobal a áirithiú;

18. IARRANN SÍ ar na Ballstáit, i gcomhar leis an gCoimisiún, faireachán a dhéanamh, le táscairí iomchuí, ar chur chun feidhme beartas, cuspóirí, treoirspriocanna agus gníomhaíochtaí inscne ar an leibhéal institiúideach, ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais agus AITHNÍONN SÍ, maidir le feabhsú, gur fíorthábhachtach é an measúnú ar a dtiocfaidh as na bearta a cuireadh chun feidhme agus ar thionchar na mbeart sin.